Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Office of the Director of Corporate Enforcement

# FOILSÍONN OSFC A TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018

D’fhoilsigh an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach Tuarascáil Bhliantúil OSFC maidir le 2018[1] inniu. I measc príomhghníomhaíochtaí, aschuir agus éachtaí OSFC i rith na bliana bhí an méid seo a leanas.

## Independent News & Media plc (“INM”)

I ndiaidh iarratas a rinne an OSFC, i Meán Fómhair 2018 cheap an Ardchúirt an tUasal Seán Gillane, Abhcóide Sinsearach agus tUasal Richard Fleck, CBE, chun fiosrú a dhéanamh ar líon mór saincheisteanna imní a bhain le INM. Shainaithin an OSFC na saincheisteanna seo tar éis imscrúdaithe ar líomhaintí a rinne iar-Phríomhfheidhmeannach INM. Rinneadh imscrúdú OSFC thar thréimhse thart ar 15 mhí agus bhí 33 riachtanas reachtúla i gceist le doiciméid, mínithe agus cúnamh a sholáthar do INM chomh maith le raon páirtithe ábhartha eile.

Rinne an ODCE an t-Iarratas ar Chigirí a cheapadh tar éis dó a chinneadh gur ghá dul chun cinn breise an imscrúdaithe na huirlisí imscrúdaithe níos cumhachtaí a cuireadh i leataobh le dlí a chur ar fáil do Chigirí a cheap an Chúirt. Go sonrach, áirítear leis na cumhachtaí atá ar fáil do Chigirí, ach ní don OSFC, cumhachtaí in-inghlacthachta agus scrúdú daoine ábhartha faoi mhionn.

Lorg INM go gcuirfí cinneadh an OSFC a lorg chun Cigirí a cheapadh a chur ar neamhní trí imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh. I mbreithiúnas a rinneadh an 1 Meitheamh 2018, dhiúltaigh an Breitheamh Onórach Séamus Noonan argóintí INM agus níor cheadaigh sé iarratas na cuideachta.

Sholáthair na Cigirí a gcéad Tuarascáil eatramhach don Ard-Chúirt an 11 Aibreán 2019 agus, ag tráth an scríofa, tá siad ag leanúint lena n-imscrúduithe. Tá Uachtarán na hArd-Chúirte, ag tráth scríofa, ag smaoineamh ar cheart d'aon pháirtí seachas an OSFC cóip den Tuarascáil Eatramhach a fháil.

## Comhchoiste Oireachtais um Ghnó, Fiontar agus Nuálaíocht

I rith 2018, lean an OSFC de bheith ag plé leis an gCoiste, agus ag cuidiú leis, ar nithe a raibh spéis aige ann, lena n-áirítear ceist *DPP v FitzPatrick*. Chun críche cabhrú leis an gCoiste a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh, d'ullmhaigh an OSFC Aighneacht mhionsonraithe ar na tosca a chuir le toradh an cháis sin. Ag an am seo, tá an Coiste ag smaoineamh ar an meicníocht is oiriúnaí chun cóip den Aighneacht a fháil ón OSFC.

[1] Tá an Tuarascáil le fail ag http://www.odce.ie/ga-ie/foilseacháin/corparáideachreachtúla.aspx

Tá breithniú an Choiste ar na nithe seo ar siúl mar chuid de phróiseas leanúnach grinnscrúdaithe réamhreachtaigh ar an mBille Cuideachtaí (Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach) 2018.

**Forfheidhmiú**

Ag eascairt as imscrúduithe coiriúla a rinne an OSFC, i rith 2018:

- ciontaíodh duine aonar sa chion Trádála Calaoisí in aghaidh alt 297 d'Acht na gCuideachtaí 1963 agus gearradh príosúnacht 18 mí (cuireadh na 6 mhí dheireanacha ar fionraí);

- d'ordaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí roinnt cúisimh faoi Acht na gCuideachtaí 1963, an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001 agus an tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010 i leith. Ag dáta na scríbhneoireachta, táthar ag feitheamh le dáta na trialach os comhair na Cúirte Coiriúla Cuarda;

- rinneadh roinnt imscrúduithe mórscála eile a thabhairt chun cinn ag féachaint le comhaid a chur faoi bhráid an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí go ndéanfaí breithniú orthu maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart cúisimh a ghearradh ar díotáil..

I réimse na forfheidhmithe sibhialta, i rith 2018:

- tar éis scrúdú OSFC de thart ar 1,000 tuairisc reachtúla leachtaitheoirí, srianadh nó dícháilíodh 160 stiúrthóirí cuideachta mar thoradh ar a n-iompar mar stiúrthóirí cuideachta dóchmhainneacha (130 trí ghealltanais reachtúla a chuirtear ar fáil don OSFC agus 30 eile de bhun iarratas leachtaitheoirí chuig an Ard-Chúirt);

- dícháilíodh 21 stiúrthóirí cuideachta eile (trí ghealltanais reachtúla a chuirtear ar fáil don OSFC) ag éirí as scrúdú OSFC ar cuideachtaí a cheadaigh a stiúrthóirí a bhaint de Chlár na gCuideachtaí mar gheall ar mhainneachtain tuairisceáin reachtúla a chomhdú leis an gCláraitheoir agus fiacha suntasacha gan íoc acu;

- réitíodh iasachtaí neamhdhleathacha stiúrthóirí ar luach comhiomlán os cionn €6m de bhun idirghabhála OSFC;

- mar chur chuige cost-éifeachtach agus comhréireach i leith cineálacha áirithe sáruithe sonraithe, eisíodh rabhaidh do 63 cuideachta agus a stiúrthóirí ar an iomlán

I gcomhthéacs imscrúdaithe agus forfheidhmithe go ginearálta, rinneadh an OSFC i rith 2018:

- athbhreithniú ar níos mó ná 1,300 tuairisc, atreorú, gearán agus ionchur eile ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear iniúchóirí, scrúdaitheoirí, leachtaitheoirí, baill den phobal, comhlachtaí gairmiúla agus comhlachtaí reachtúla rialála/forfheidhmithe eile;

- feidhmiú cumhachtaí reachtúla, lena n-áirítear iad siúd a éilíonn táirgeadh leabhar agus doiciméad, ar níos mó ná 160 ócáid.

DRAFT

**Comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a spreagadh**

Gné thábhachtach de shainordú reachtúil an OSFC is ea dhlí na gcuideachtaí a spreagadh. Sa chomhthéacs sin, Sholáthair foireann OSFC 22 cur i láthair i rith na bliana do chomhluadar thart ar 1,100. Ina theannta sin, ghlac OSFC páirt i 17 dtaispeántas, comhdhálacha nó imeachtaí eile d'fhonn cuidiú le páirtithe ábhartha a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh agus a gcearta faoi seach a chosaint faoi dhlí na gcuideachtaí.

**Grúpa Athbhreithnithe ar Struchtúir in Aghaidh Calaoise agus Caimiléireachta**

Tá OSFC ina bhall den Grúpa Athbhreithnithe, a bhunaigh an Rialtas é agus a bhfuil an t-iar-Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, an tUasal James Hamilton, mar chathaoirleach air. I measc na saincheisteanna ar nocht an OSFC a thuairim fúthu leis an nGrúpa, tá Tuarascáil an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí dar teideal "*Tuarascáil maidir le Cumhachtaí Rialála agus Cionta Corparáideacha*".

**Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach**

Ghlac an Rialtas i Samhain 2017 le pacáiste beart atá dírithe ar fheabhas a chur ar chumas na hÉireann chun dul i ngleic le coireacht chorparáideach, gheilleagrach agus rialála. Áiríodh leis an bpacáiste beart seo moladh chun an OSFC a aistriú go Gníomhaireacht um Fhorfheidhmiú Corparáideach. D'fhaomh an Rialtas Scéim Ghinearálta an Bhille Cuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach) i mí na Nollag 2018 agus thug sé faomhadh chun Bille a dhréachtú.

I rith na bliana, lean an OSFC ag oibriú leis an Aire Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta agus a hoifigigh chun ullmhú a dhéanamh chun an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a bhunú. Áireofar seo forálacha nua reachtaíochta feabhsaithe agus na socruithe lóistíochtúla a theastaíonn chun aistriú ghníomhaíochtaí an OSFC a éascú chuig Gníomhaíocht neamhspleách.

**OIFIG AN STIÚRTHÓIR UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH**
**27 MEITHEAMH, 2019**

Ba cheart fiosrúcháin leis an méid sin roimhe seo a sheilfar chuig:

An tUasal Conor O'Mahony
Uimh. Fóin +353 1 858 5827
R-phoist: conor_omahony@odce.ie

DRAFT